Parlaimint na hEorpa

An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

SÍNTIÚIS A NOCHTADH ▸ CAITEACHAS ▸ AN VOTAÍOCHT ▸ VÓTÁIL

AN COMHAIREAMH ▸ TORTHAÍ ▸ ACHAINÍ TOGHCHÁIN ▸ CORRFHOLÚNTAIS

IONADAÍOCHT ▸ TOGHLAIGH ▸ TOGHCHÁIN

SOCRUITHE VÓTÁLA ▸ IARRTHÓIRÍ A AINMNIÚ ▸ IARRTHÓIRÍ IONAID

Parlaimint na hEorpa - An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann

1 IONADAÍOCHT I bPARLAIMINT NA hEORPA

Toghtar Parlaimint na hEorpa chun leasanna na 492 milliún saoránach san Aontas Eorpach a chur chun cinn. Tá cumhacht maidir le reachtaíocht, buiséadú agus maoirsiú ag an bParlaimint agus leis sin bíonn ról tábhachtach aici maidir le próiseas reachtach an AE, buiséad bliantúil an AE a mhúnlú agus an eacnamaíocht a mhaoirsiú.

I dtús ama bhí an Pharlaimint comhdhéanta de thoscairí arna n-ainmniú ag parlaimintí náisiúnta na mBallstát ach, ó 1979 ar aghaidh, tá Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa (MEPanna) á dtoghadh go díreach. Bhíodh 15 MEP tofa ag Éirinn sna toghcháin dhíreacha i dtosach ach íslíodh líon na gComhaltaí go 13 do thoghcháin 2004 agus go 12 do thoghcháin 2009 mar chuid de phróiseas méadaithe an AE.

2 TOGHLAIGH

Toghtar Comhaltaí na hÉireann chuig Pharlaimint na hEorpa trí rúnbhallóid i gceithre thoghlach faoi chóras aon vóta inaistrithe na hionadaíochta cionmhaire. Tar éis mholtaí an Choimisiúin Toghlaigh is iad seo a leanas na toghlaigh chun 12 Comhalta de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh:

Toghlach	Líon na gComhaltaí
Baile Átha Cliath	3
An tOirthear	3
An tIar-Thuaisceart	3
An Deisceart	3

3 TOGHCHÁIN CHUIG AN bPARLAIMINT

Reáchtáiltear toghcháin dhíreacha Pharlaimint na hEorpa gach cúig bliana: reáchtáladh na toghacháin dhíreacha don chéad uair i 1979. Bíonn na toghcháin ar bun i ngach mBallstát laistigh de thréimhse ceithre lá i mí an Mheithimh a bhíonn socraithe ag Comhairle na nAirí. Is é nó í an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheapann an lá vótaíochta agus tréimhse na vótaíochta a mhairfidh ar feadh 12 uair an chloig ar a laghad idir 7am agus 10.30pm.

4 CÉ A FHÉADFAIDH A BHEITH INA MEP?

Tá gach saoránach de chuid na hÉireann agus gach saoránach de chuid an AE os cionn 21 bliain d'aois, atá ina gcónaí san AE, nach bhfuil dícháilithe ag dlí náisiúnta ná ag dlí an Chomhphobail agus nach bhfuil ag seasamh mar iarrthóir in aon Bhallstát eile, incháilithe a bheith tofa chuig Parlaimint na hEorpa. Tá daoine a bhfuil pianbhreith príosúnachta is faide ná sé mhí á cur isteach acu, daoine a bhíonn tite i bhféimheacht nach mbíonn urscaoilte agus daoine mímheabhracha dícháilithe ó thoghadh. Tá slite beatha áirithe ar neamhchomhréir le comhaltas den pharlaimint, mar shampla, Airí agus Airí Stáit, Comhaltaí de Thithe an Oireachtais, breithiúna, comhaltaí & oifigigh d'fhorais éagsúla an AE, státseirbhísigh, comhaltaí lánaimsire na bhFórsaí Cosanta agus Gardaí (póilíní).

Tá saoránaigh Éireannacha atá ina gcónaí i mBallstáit eile i dteideal dul in iomaíocht i dtoghcháin Eorpacha sna tíortha sin. Ach níl duine i dteideal féachaint lena thoghadh nó lena toghadh chun na Parlaiminte i níos mó ná toghlach nó tír amháin.

5 CÉ A FHÉADFAIDH VÓTÁIL I dTOGHCHÁN EORPACH?

Tá breis agus 3 mhilliún toghthóir cláraithe i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha.

Tá gach saoránach de chuid na hÉireann agus gach saoránach de chuid an AE atá ina gcónaí in Éirinn agus atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil a ainm nó a hainm ar chlár na dtoghthóirí i dteideal

vótála. Tiomsaíonn an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach clár na dtoghthóirí gach bliain. Ní mór do shaoránaigh an AE nach raibh cláraithe chun vótála i dtoghcháin Eorpacha in Éirinn i 1994, 1999 nó 2004 seachas saoránaigh na Breataine, iarratas a dhéanamh clárú agus dearbhú reachtúil a chomhlánú. Cuirtear na dearbhuithe sin chuig Ballstát baile an toghthóra chun cosaint in aghaidh vótála dúbáilte.

Foilsítear dréacht-chlár na dtoghthóirí an 1 Samhain gach bliain agus cuirtear an clár ar fáil don phobal lena iniúchadh i leabharlanna, in oifigí poist agus i bhfoirgnimh phoiblí eile agus ar líne ar láithreán gréasáin na Comhairle Contae nó na Comhairle Cathrach. Is féidir éilimh ar chartúcháin a dhéanamh ar an dréacht go dtí an 25 Samhain. Is iad na cláraitheoirí contae, ar oifigigh cúirte cáilithe dlíthiúla iad a bhreithníonn na héilimh. Is féidir achomharc in aghaidh chinneadh cláraitheora contae a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda. Bíonn feidhm le clár na dtoghthóirí an 15 Feabhra. Is féidir le daoine nach mbíonn sa chlár iarratas a dhéanamh a bheith i bhforlíonadh don chlár: is é an dáta deiridh is féidir duine a chlárú san fhorlíonadh ná cúig lá déag oibre roimh an lá vótaíochta.

Tá saoránaigh de chuid na hÉireann a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile i dteideal vótála i dtoghchán Eorpach sa tír sin. Ach níl duine, áfach, i dteideal vótála sna toghcháin i níos mó ná toghlach nó tír amháin.

6 SOCRUITHE VÓTÁLA

Tríd is tríd, vótálann toghthóirí go pearsanta ag a stáisiún vótaíochta áitiúil.

Tá postvótáil ar fáil don Gharda Síochána (na póilíní), do Fórsaí Cosanta agus do státseirbhísigh (agus a gcéilí) a bhíonn ceangailte le misin Éireannacha thar lear, chomh maith le toghthóirí a bhíonn ina gcónaí sa bhaile nach mbíonn ábalta vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas agus toghthóirí nach mbíonn ábalta vótáil ag a stáisiún vótaíochta mar gheall ar imthosca a gcoinneála i bpríosún de bhun ordú de chuid na cúirte. Féadfaidh daoine a bhíonn fostaithe ag ceann comhairimh ar lá vótaíochta i dtoghlach eile seachas an ceann ina bhfuil siad féin cláraithe le vótáil, iarratas a dhéanamh a bheith iontráilte i bhforlíonadh don liosta de phostvótálaithe.

Tá cineál postvótála ar fáil freisin do thoghthóirí ar dóigh go gcuirfeadh a slite beatha cosc orthu vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil, (lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile ach atá ina gcónaí in áit éigin eile fad a bhíonn siad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát). Faoin socrú sin, seoltar páipéar ballóide tríd an bpost chuig toghthóirí sa bhaile agus bíonn orthu socrú a dhéanamh go mbeidh Garda mar fhinné ar a ndearbhú céannachta sula marcálfar an páipéar ballóide agus é a sheoladh ar ais tríd an bpost chuig an gceann comhairimh.

Tá vótáil speisialta ar fáil do thoghthóirí a bhfuil cónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais, nó i bhforas den sórt sin, agus nach bhfuil ábalta vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas. Tugtar an páipéar ballóide chucu san fhoras agus vótálann siad i láthair oifigigh ceannais speisialta i dteannta Garda.

D'fhéadfaí toghthóirí atá faoi mhíchumas fisiciúil agus a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótaíochta áitiúil, a údarú vótáil ag stáisiún sa toghlach a bhfuil rochtain níos fearr air.

7 CÉ A STIÚRANN AN TOGHCHÁN?

Bíonn ceithre cheann comhairimh i dtoghchán Eorpach a bhíonn freagrach as an toghchán a stiúradh i ngach ceann de na ceithre thoghlach. Is é nó í an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheapann cinn comhairimh do thoghchán Eorpach agus ní mór dóibh a bheith ina gcláraitheoirí contae nó ina sirriamaí cathrach nó ina sirriamaí contae. Bíonn freagracht ar cheann comhairimh áitiúil i dtoghchán Eorpach an vótaíocht a thógáil i ngach contae agus i ngach cathair. Ní mór do na cinn chomhairimh áitiúla freisin a bheith ina sirriamaí cathrach nó ina sirriamaí contae.

8 IARRTHÓIRÍ A AINMNIÚ

Déantar iarrthóirí a ainmniú thar thréimhse seachtaine tuairim agus mí roimh an lá vótaíochta. Féadfaidh duine é nó í féin a ainmniú mar iarrthóir nó féadfaidh toghthóir amháin don toghlach é nó í a ainmniú. Ní fhéadfaidh duine a bheith ainmnithe ach i dtoghlach amháin. Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith i gceangal le foirm ainmniúcháin iarrthóra de chuid páirtí polaitíochta cláraithe. Mura mbíonn aon deimhniú iniata, ní mór ceann amháin nó níos mó de na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh sular rachaidh an tréimhse ama chun ainmniúcháin a fháil in éag:

- Go comhlánóidh 60 aontóir atá cláraithe mar thoghthóirí Eorpach sa toghlach iomchuí dearbhuithe reachtúla nach

mór do Choimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí, comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach de chuid an údaráis chlárúcháin iad a fhiarú.

nó

• lóisteálfaidh an t-iarrthóir, nó duine thar a cheann nó a ceann, éarlais de €1,800 leis an gceann comhairimh.

Murar saoránach d'Éirinn nó den Bhreatain an t-iarrthóir ní mór dearbhú reachtúil (is féidir an fhoirm a fháil ón gceann comhairimh), a bheith ag gabháil leis an bpáipéar ainmniúcháin, mar aon le fianú ó Bhallstát baile an iarrthóra ag deimhniú nach bhfuil a cheart nó a ceart seasamh mar iarrthóir i dtoghchán Eorpach ina Stát baile coinnithe uaidh nó uaithi trí chinneadh aonair sa dlí coiriúil nó sa dlí sibhialta. Seoltar an t-eolas a bhíonn sa dearbhú reachtúil chuig Stát baile an iarrthóra chun cosaint in aghaidh dé-iarrthóireachta.

Féadfaidh iarrthóir cleamhnacht pháirtí a chur sa pháipéar ainmniúcháin. Mura bhfuil cleamhnacht páirtí ag an iarrthóir féadfaidh siad iad féin a chur síos mar "Neamh-pháirtí" nó an spás cuí a fhágáil folamh. Féadfaidh iarrthóir neamh-pháirtí agus ar comhalta é nó í de ghrúpa polaitíochta i bParlaimint na hEorpa, ainm an ghrúpa sin a bheith san áireamh sna fógraí agus sna páipéir bhallóide ar fad. Féadfar grianghraf den iarrthóir a chur ar an bpáipéar ballóide.

Ní mór don cheann comhairimh rialú ar bhailíocht an pháipéir ainmniúcháin laistigh d'uair an chloig óna chur i láthair. Bíonn ar an gceann comhairimh cur i gcoinne ainm an iarrthóra murab é sin an t-ainm a thugtar de ghnáth ar an duine sin, má bhíonn an t-ainm míthreorach agus gur dóigh go gcuirfidh sé daoine amú, má bhíonn an t-ainm ró-fhada nó má bhíonn tagairt pholaitiúil ann. Bíonn ar an gceann comhairimh freisin cur i gcoinne na tuairisce ar iarrthóir más rud é, i dtuairim an chinn chomhairimh go bhfuil an tuairisc sin mícheart, neamh-dhóthanach chun an t-iarrthóir a aithint, ró-fhada nó má bhíonn tagairt pholaitiúil ann. Féadfaidh an t-iarrthóir nó an ceann comhairimh na mionsonraí a thaispeántar ar an bpáipéar ainmniúcháin a leasú. Féadfaidh an ceann comhairimh páipéar ainmniúcháin a rialú neamhbhailí mura mbíonn sé déanta amach i gceart ná sínithe go cuí, mura n-aontaítear leis mar is gá (sna cásanna iomchuí) nó i gcás náisiúnaigh de chuid Ballstát eile nach náisiúnach d'Éirinn nó den Ríocht Aontaithe é/í mura bhfuil an dearbhú agus an fianú riachtanach maidir le hincháilitheacht an iarrthóra seasamh sa toghchán ag gabháil leis.

9 IARRTHÓIRÍ IONAID

Líontar corrfholúntais sa Pharlaimint ó liostaí d'iarrthóirí ionaid a chuirtear i láthair ag an toghchán. Is ionann an líon iarrthóirí ionaid ar liosta ionaid a chuireann páirtí polaitíochta cláraithe i láthair agus an líon iarrthóirí a chuir an páirtí ar aghaidh sa toghchán don toghlach ach gur féidir suas le ceithre ainm sa bhreis a bheith san áireamh: féadfaidh suas le 3 ainm sa bhreis a bheith ar liosta ionaid iarrthóirí neamh-pháirtí. Ní mór d'iarrthóirí ionaid ar náisiúnaigh de Bhallstát eile nach náisiúnaigh d'Éirinn nó den Bhreatain iad, dearbhú reachtúil agus fianú riachtanach óna mBallstát baile a sholáthar (féach roinn 8).

Bíonn tagairt don liosta ionaid gaolmhar san iontráil ar an bpáipéar ballóide i ndáil le gach iarrthóir. Foilsíonn an ceann comhairimh na liostaí d'iarrthóirí ionadaíocha agus bíonn cóipeanna díobh ar taispeáint i ngach stáisiún vótaíochta. Is é nó í an duine a mbíonn a ainm nó a hainm chun tosaigh ar an liosta iomchuí d'iarrthóirí ionaid a líonfaidh corrfholúntas (féach roinn 18 freisin).

10 POSTAS SAOR IN AISCE D'IARRTHÓIRÍ

Tá gach iarrthóir do thoghchán Eorpach i dteideal litir thoghcháin amháin a sheoladh chuig gach toghthóir sa toghlach saor ó tháillí postais. Nuair a bhíonn beirt iarrthóirí nó níos mó ón bpáirtí polaitíochta céanna ag seasamh sa toghchán i dtoghlach, bíonn siad teoranta d'aon litir thoghcháin amháin. Is é an Státchiste a íocann costas na saoráide sin.

11 SÍNTIÚIS A NOCHTADH

Bíonn ar MEPanna ráiteas síntiús a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí gach bliain a thabharfaidh le fios an bhfuarthas síntiús i rith na bliana a bhí os cionn €634.87 agus a thabharfaidh mionsonraí maidir le síntiús den sórt sin. Is ionann bronntanas agus aon ní a chuirtear ar fáil chun críocha polaitíochta agus is féidir le hairgead, maoin, earraí nó seirbhísí a bheith san áireamh. Bíonn ar iarrthóirí nár éirigh leo i dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa ráiteas den sórt céanna a chur ar fáil tar éis Togcháin Eorpaigh, i ndáil le síntiúis a fuair siad agus iad ag seasamh sa toghchán.

Ní mór do chomhalta de Pharlaimint na hEorpa nó d'iarrthóir i dtoghchán Eorpach cuntas síntiús polaitíochta a oscailt i bhforas airgeadais má fhaigheann siad síntiús airgid sa bhreis ar €126.97. Ní mór ráiteas ón bhforas airgeadais agus deimhniú a luann gur taisceadh na síntiúis airgid ar fad a fuarthas sa chuntas, agus gur

úsáideadh gach suim a baineadh as an gcuntas chun críocha polaitíochta a bheith ag gabháil le ráiteas bliantúil chomhalta **nó** ráiteas iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán.

Ní fhéadfaidh comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó iarrthóir i dtoghchán Eorpach síntiús sa bhreis ar €2,539.48 a ghlacadh in aon bhliain amháin ón síntiúsóir céanna. Tá cosc ar shíntiúis gan ainm sa bhreis ar €126.97 a ghlacadh agus ní mór síntiúis den sórt sin a ghéilleadh don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

CAITEACHAS TOGHCHÁIN

Forálann an tAcht Toghcháin 1997, arna leasú, do chaiteachas ag toghchán Eorpach a theorannú. Feidhmíonn rialú an chaiteachais trí chóras gníomhairí. Caithfear caiteachas páirtí ag leibhéal náisiúnta a shruthú trí ghníomhaire náisiúnta. Bíonn gníomhaire toghcháin freagrach as caiteachas thar ceann gach iarrthóra.

Ní mór ráiteas de na costais toghcháin ar fad a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i scríbhinn laistigh de 56 lá ón lá vótaíochta sa toghchán. Cuirtear na ráitis faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

AN VOTAÍOCHT

Tá ceann comhairimh an toghlaigh freagrach as eagrú ginearálta na vótaíochta, as ainmniúcháin a ghlacadh, as páipéir bhallóide a phriontáil agus as comhaireamh na vótaí i ngach toghlach.

Tá an ceann comhairimh áitiúil freagrach as na socruithe vótaíochta sonracha sa chontae nó sa chathair lena mbaineann. Caithfidh an ceann comhairimh cárta faisnéise vótaíochta a sheoladh chuig toghthóirí á gcur ar an eolas maidir lena n-uimhir ar chlár na dtoghthóirí agus maidir leis na stáisiúin vótaíochta ar féidir leo vótáil iontu. Déanann an ceann comhairimh áitiúil na socruithe riachtanacha vótála freisin do phostvótálaithe agus do vótálaithe speisialta.

Is iad na comhairlí contae agus na comhairlí cathrach a cheapann na hionaid vótaíochta. Cuireann an ceann comhairimh áitiúil stáisiúin vótaíochta ar fáil ag gach ionad vótaíochta. De ghnáth is scoileanna nó foirgnimh phoiblí a úsáidtear. Tógann an t-oifigeach ceannais an vótaíocht as gach stáisiún vótaíochta le cúnamh ó chléireach vótaíochta. Féadfaidh gníomhaire pearsanaíochta, a chuidíonn le cosc a chur ar chionta toghcháin, ionadaíocht a dhéanamh do gach iarrthóir.

VÓTÁIL

Déanann an toghthóir iarratas ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótaíochta an lá vótaíochta trína ainm agus a sheoladh nó trína hainm agus a seoladh a lua. B'fhéidir go mbeadh ar an toghthóir cruthúnas céannachta a chur ar fáil agus, má mhainníonn sé nó sí sin a dhéanamh, ní bheidh cead aige nó aici vóta a chaitheamh.

Glactar leis na cáipéisí seo a leanas chun críocha céannachta:

(i) pas;
(ii) ceadúnas tiomána;
(iii) cárta céannachta fostaí le grianghraf;
(iv) cárta céannachta mic léinn le grianghraf, arna eisiúint ag foras oideachais;
(v) cáipéis taistil le grianghraf agus ainm;
(vi) leabhar Coigiltis, leabhar Bainc nó leabhar Chomhar Creidmheasa ina bhfuil an seoladh sa toghlach luaite;
(vii) cárta Dheimhniú Cónaithe Sealadach;
(viii) cárta Biúró Inimirce Náisiúnta an Gharda Síochána;
(ix) seicleabhar;
(x) seic-chárta;
(xi) cárta creidmheasa;
(xii) teastas breithe;
(xiii) teastas pósta.

Ní mór cáipéis bhreise a bheith i dteannta na nithe (ix) go (xiii) a chruthaíonn seoladh an tsealbhóra sa toghlach.

Ní ghlachfar le nithe (vii) agus (viii) mar cháipéisí céannachta ach i dtoghcháin áitiúla amháin.

Nuair is deimhin leis an oifigeach ceannais céannacht an toghthóra, stampáiltear an páipéar ballóide le marc oifigiúil agus tugtar don toghthóir é.

Caitheann an toghthóir vóta go rúnda i mboth vótála. Bíonn ainmneacha na n-iarrthóirí le feiceáil in ord aibítre ar an bpáipéar ballóide, chomh maith le grianghraf díobh, cleamhnacht pholaitíochta agus suaitheantas páirtí más ann dóibh. Léiríonn vótálaí ord a rogha trí 1 a scríobh trasna ó ainm an chéad rogha, 2 trasna ó ainm an dara rogha, 3 trasna ó ainm an tríú rogha agus mar sin de. Ar an tslí sin tugann an vótálaí treoir don cheann comhairimh an vóta a aistriú chuig iarrthóir an dara rogha má bhíonn an chéad rogha tofa nó má bhíonn an t-iarrthóir sin curtha as an iomaíocht. Má tharlaíonn an rud céanna leis an iarrthóir a bhíonn mar an dara rogha, is féidir an vóta a aistriú chuig an tríú rogha agus mar sin de. Filleann an vótálaí an páipéar ballóide ionas nach bhfeicfear an vóta a caitheadh agus cuireann sé nó sí i mbosca ballóide séalaithe é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin sa toghchán.

Is féidir le daoine le lagú amhairc, daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó daoine le deacrachtaí litearthachta cúnamh a fháil ón oifigeach ceannais nó ó chara.

Is féidir leis an oifigeach ceannais ordú a thabhairt duine a ghabháil, atá faoi amhras maidir le cion toghcháin a dhéanamh.

AN COMHAIREAMH

Socruithe comhairimh

Tugtar na boscaí ballóide ar fad chuig lárionad comhairimh do gach toghlach. Tá cead ag gníomhairí na n-iarrthóirí freastal ar an ionad comhairimh chun an próiseas comhairimh a mhaoirsiú. Sula dtosaíonn comhaireamh na vótaí, osclaítear na clúdaigh litreach a bhfuil páipéir bhallóide na bpostvótálaithe agus na vótálaithe speisialta iontu i láthair ghníomhairí na n-iarrthóirí agus cuirtear na páipéir bhallóide sin in éineacht le páipéir bhallóide eile an toghlaigh.

Cuirtear tús leis an gcomhaireamh an lá agus an uair a cheapfaidh an tAire le hordú. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcomparáid le tuairisceán a chuireann gach oifigeach ceannais ar fáil. Ansin measctar le chéile go maith iad agus sórtáiltear iad de réir na vótaí céad rogha a thaispeántar orthu agus ní ghlactar le páipéir neamhbhailí.

Cuóta

Is éard atá sa cuóta ná an méid is lú vótaí a theastaíonn lena chinntiú go dtoghfar iarrthóir. Déantar an cuóta amach trí líon iomlán na bpáipéar ballóide bailí a roinnt ar líon na suíochán a bhíonn le líonadh móide suíochán amháin eile agus a haon a chur leis an toradh. Dá bhrí sin, dá mba rud é go mbeadh 480,000 páipéar bailí ann agus trí shuíochán le líonadh, is 120,001 a bheadh mar chuóta, i.e. +1. Feictear leis an sampla sin nach bhféadfadh ach triúr iarrthóirí (an líon le toghadh) an cuóta a bhaint amach.

Farasbarr a aistriú

Ag deireadh an chéad chomhairimh meastar aon iarrthóir a bheith tofa má mbíonn líon na vótaí a fhaigheann siad comhionann leis an gcuóta nó níos airde ná an cuóta. Má fhaigheann iarrthóir níos mó vótaí ná an cuóta, aistrítear an farasbarr vótaí go comhréireach chuig na hiarrthóirí a bhíonn fágtha ar an tslí seo a leanas. Más vótaí céad rogha ar fad iad vótaí an iarrthóra cuirtear a chuid nó a cuid páipéir bhallóide i mbeartáin faoi leith de réir an chéad rogha eile a bhíonn iontu. Déantar beartán eile de na páipéir neamh-inaistrithe (páipéir nach mbíonn rogha eile éifeachtach léirithe orthu). Más ionann an farasbarr agus líon na vótaí inaistrithe, nó má bhíonn sé níos mó, faigheann gach iarrthóir a bhíonn fágtha na vótaí ar fad ón mbeartán cuí de pháipéir inaistrithe. Má bhíonn an farasbarr níos lú ná líon na bpáipéar inaistrithe, faigheann gach iarrthóir a bhíonn fagtha líon vótaí ón mbeartán cuí de pháipéir inaistrithe a ríomhtar mar seo a leanas:-

$$\frac{\textbf{Farasbarr x líon na bpáipéar sa bheartán}}{\textbf{Líon iomlán na bpáipéar inaistrithe}}$$

Má thagann an farasbarr as páipéir aistrithe, ní scrúdaítear ach na páipéir sa bheartán is déanaí a aistríodh chuig an iarrthóir sin agus déileáiltear leis an mbeartán sin ar an dóigh céanna le farasbarr comhdhéanta de vótaí céad rogha. Má fhaigheann beirt iarrthóirí nó níos mó, líon níos mó vótaí ná an cuóta, dáiltear an farasbarr is mó ar dtús.

Iarrthóir a chur as an Iomaíocht

Mura mbíonn farasbarr ag iarrthóirí nó murar leor an farasbarr ag iarrthóir chun duine de na hiarrthóirí a bhíonn fágtha a thoghadh nó fiú chun tionchar ábhartha a bheith aige ar dul chun cinn an chomhairimh, cuirtear an t-iarrthóir a mbíonn an líon is lú vótaí aige nó aici as an iomaíocht agus aistrítear a pháipéir nó a páipéir chuig na hiarrthóirí a

bhíonn fágtha de réir an chéad rogha eile a léirítear iontu. Má léirítear gur iarrthóir atá tofa nó curtha as an iomaíocht cheana féin an dara rogha ar pháipéar ballóide, téann an vóta ar aghaidh chuig an tríú rogha agus mar sin de.

An Comhaireamh a thabhairt chun críche

Leantar leis an gComhaireamh go dtí go líontar na suíocháin ar fad. Más ionann líon na suíochán a bhíonn fós le líonadh agus líon na n-iarrthóirí a bhíonn fós san iomaíocht fógraítear go bhfuil na hiarrthóirí sin a bhíonn fágtha tofa gan an cuóta a bheith bainte amach acu.

Athchomhaireamh

Féadfaidh ceann comhairimh na páipéir ar fad nó cuid díobh a athchomhaireamh ag tráth ar bith de chomhaireamh. Tá an t-iarrthóir nó gníomhaire toghcháin iarrthóra i dteideal athchomhaireamh a iarraidh ar na páipéir ar déileáladh leo i gcomhaireamh faoi leith, nó athchomhaireamh iomlán amháin ar na beartáin de pháipéir bhallóide ar fad a iarraidh. Nuair a bhítear ag athchomhaireamh ní fhéadfar cur as d'ord na bpáipéar. Nuair a thagann earráid shuntasach chun solais, caithfear na páipéir a chomhaireamh ón bpointe ar tharla an earráid sin ann.

16 TORTHAÍ

Nuair a bhíonn an comhaireamh curtha i gcrích fógraíonn an ceann comhairimh torthaí an toghcháin agus tugann sé nó sí ainmneacha na gcomhaltaí tofa ar ais don Phríomh-Cheann Comhairimh chun iad a fhógairt do Pharlaimint na hEorpa.

17 ACHAINÍ TOGHCHÁIN

Ní féidir toradh toghcháin Eorpaigh a thabhairt faoi cheist ach amháin trí achainí a dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Is féidir le haon duine atá cláraithe nó atá i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Eorpach i dtoghlach, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte laistigh de 14 lá ó fógraítear toradh an toghcháin ar chead a fháil achainí a dhéanamh. Ina theannta sin, is féidir leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achainí a dhéanamh nuair is dealraitheach go ndearnadh cionta toghcháin agus go bhféadfadh go raibh tionchar acu ar thoghchán Eorpach.

Bíonn ar an Ard-Chúirt toradh ceart an toghcháin a chinneadh ag triail maidir le hachainí toghcháin, agus chun na críche sin d'fhéadfadh an Ard-Chúirt a ordú na vótaí a athchomhaireamh. D'fhéadfadh an Chúirt an toghchán nó cuid den toghchán sa toghlach a dhearbhú neamhbhailí agus sa chás sin reáchtálfar toghchán eile chun na suíocháin folamha a líonadh. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh na hArd-Cúirte faoi réir achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach ar cheist dlí agus sin amháin.

18 CORRFHOLÚNTAIS

Líontar corrfholúntais a tharlaíonn in ionadaíocht na hÉireann i bParlaimint na hEorpa ó liosta na n-iarrthóirí ionaid a chuireann an t-iarrthóir páirtí nó an t-iarrthóir neamh-pháirtí a ghnóthaigh an suíochán sa toghchán roimhe sin chun cinn (féach roinn 9). Líonann an duine atá chun tosaigh ar an liosta cuí agus a bhíonn incháilithe le bheith ina MEP mar aon le bheith toilteanach é sin a dhéanamh an folúntas. Más rud é nach gcuirtear aon liosta d'iarrthóirí ionaid chun cinn i ndáil leis an MEP a ghnóthaigh an suíochán sa toghchán nó murar féidir an folúntas a líonadh ón liosta ábhartha, is féidir le Dáil Éireann (Teach na dTeachtaí) duine a roghnú chun an folúntas a líonadh ó liosta iarrthóirí ionaid ar bith a cuireadh chun cinn don toghlach sin ag an toghchán.

19 DLÍ TOGHCHÁIN

Tá an dlí a bhaineann le comhaltaí a thoghadh chuig Parlaimint na hEorpa sa reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht Toghcháin 1992
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997
- An tAcht Toghcháin 1997
- An tAcht Toghcháin (Leasú) 1998
- An tAcht Toghcháin (Leasú) 2001
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2004
- An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004
- An tAcht Toghcháin (Leasú) 2006
- An tAcht Toghcháin (Leasú) 2009

Is féidir na foilseacháin sin a fháil ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Bileoga Eolais Eile

Seo a leanas bileoga eolais eile atá ar fáil sa tsraith seo:

An tSlí a dToghtar an tUachtarán

An Reifreann in Éirinn

An tSlí a dToghtar an Dáil (Teach Íochtarach na Parliminte)

An tSlí a dToghtar an Seanad (Teach Uachtarach na Parliminte)

An tSlí a dToghtar Comhaltaí Údarás Áitiúil

Clár na dToghthóirí

Eolas do Vótálaithe atá faoi Mhíchumas

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Feabhra 2009.

www.environ.ie

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

Printed on recycled paper